C/2026/3802

14.7.2026

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Iúil 2026

maidir le laethanta saoire in 2028 d'oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá ag obair sa Bhruiséil agus i Lucsamburg

(C/2026/3802)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus do Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS) a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 61 de na Rialacháin Foirne, mar aon le hAirteagail 16 agus 91 de CEOS,

Ag féachaint do na comhrialacha lena leagtar síos liosta na laethanta saoire poiblí atá ag dul d'oifigigh na gComhphobal Eorpach [2], agus go háirithe Airteagal 1(3) díobh,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Foirne,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Rialacháin Foirne,

Ag féachaint don tuairim ó na Cinn Riaracháin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise Airteagal 61 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Airteagail 16 agus 91 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, is iomchuí liosta na laethanta saoire poiblí in 2028 atá ag dul d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá ag obair sa Bhruiséil agus i Lucsamburg a leagan síos.

(2) In 2028, is ar an 16 Aibreán a bheidh Domhnach Cásca.

(3) In 2028, is Domhnach a bheidh sa 24 Nollaig.

TAR ÉIS CINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Is iad seo a leanas na laethanta saoire in 2028 do bhaill foirne atá ag obair sa Bhruiséil agus i Lucsamburg:

13 Aibreán	Déardaoin Mandála
14 Aibreán	Aoine an Chéasta
17 Aibreán	Luan Cásca
1 Bealtaine	Lá an Lucht Oibre
9 Bealtaine	Comóradh Dhearbhú Uachtarán Schuman 1950
25 Bealtaine	Déardaoin Deascabhála
26 Bealtaine	An lá i ndiaidh na Deascabhála
5 Meitheamh	Luan Cincíse

[1] IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259 (1)/oj..
[2] SEC(66) 3621, ELI:https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=uriserv%3A1966_0117_SEC_1966_3621_packagee.

23 Meitheamh*	Lá náisiúnta Lucsamburg *lá a dheonaítear do na hoifigigh agus na seirbhísigh eile atá ag obair i Lucsamburg
21 Iúil*	lá náisiúnta na Beilge *lá a dheonaítear do na hoifigigh agus na seirbhísigh eile atá ag obair sa Bhruiséil
15 Lúnasa	An Deastógáil
1 Samhain	Lá Samhna
2 Samhain	Lá Fhéile na Marbh
Ón 25 Nollaig go dtí an 29 Nollaig	5 lá dheireadh na bliana
IOMLÁN 2028:	**17 lá**

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Piotr SERAFIN
Comhalta den Choimisiún